www.xtrapapers.com

*Rewarding Learning*

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2018**

Uimhir Lárionaid

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Uimhir Iarrthóra

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

# Tíreolaíocht

Aonad Measúnaithe AS 3

*ag measúnú*

Scileanna agus Teicnící Saothar Allamuigh sa Tíreolaíocht

SGG31

**[SGG31]**

**DÉARDAOIN 31 BEALTAINE, MAIDIN**

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéir seo.
Freagair **gach** ceist.
Tá léarscáil S.O. curtha ar fáil duit le húsáid le **Ceist 2**.
**Ná** scríobh do fhreagraí ar an léarscáil seo.
Ag deireadh an scrúdaithe seo ba chóir an scorán comhaid atá ar fáil a úsáid leis an tuairisc ar do shaothar allamuigh agus an tábla sonraí a cheangal go daingean den pháipéar seo.
Tá dhá leathanach i gcúl an leabhráin ceisteanna agus freagraí seo atá le húsáid mar leathanaigh bhreise de réir mar is gá.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i **gCeisteanna 1(b)(ii)** agus **2(a)(iv)**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | | |
|---|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** | **Athmharc** |
| 1 | | |
| 2 | | |
| **Iomlán** | | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Freagair **gach** ceist

Achoimre ar an tsaothar allamuigh agus tábla sonraí a cuireadh isteach.
**Ag deireadh an scrúdaithe ba chóir iad seo a cheangal go daingean den pháipéar seo leis an scorán comhaid atá curtha ar fáil.**

**1** **(a)** Déan staidéar ar **Áis 1A** a thaispeánann roinnt tosca tábhachtacha atá le cur san áireamh i bpleanáil saothar allamuigh.

**Áis 1A**




*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

Roghnaigh **dhá** thoisc ó **Áis 1A** agus pléigh ina iomláine an dóigh ar chuir siad le **do** phleanáil **saothair allamuigh**.

Toisc 1

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [4]

www.xtrapapers.com

Toisc 2

[4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**(b)** **(i)** Roghnaigh teicníc ghrafach iomchuí le cuid de na sonraí atá taispeánta i do thábla nó iad uilig a chur i láthair. Caithfidh do ghraf a bheith ábhartha d'aidhm/hipitéis do shaothair allamuigh. [7]

Teideal an Ghraif ______________________________________

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(ii)** Agus tagairt á déanamh agat do cheann **amháin** ar bith de na hathróga atá taispeánta ar do ghraf, sainaithin agus mínigh toisc **amháin** a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar chruinneas na sonraí a bailíodh allamuigh.

[5]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Mínigh an fheidhm atá le hanailís staitistiúil in imscrúdú saothar allamuigh agus pléigh an fáth a raibh an modh staitistiúil roghnaithe agat ábhartha d'**aidhm** do **shaothair allamuigh**.

[6]

**(d)** Tabhair breac-chuntas ar dhóigh **amháin** a bhféadfaí do shaothar allamuigh a leathnú, agus mínigh an dóigh a bhféadfadh sé seo tátal geografach atá níos iontaofa a chur ar fáil.

[4]

www.xtrapapers.com

LEATHANACH BÁN

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**2** **(a)** **(i)** Déan staidéar ar **Áis 2A** (amharc ar an iatán), léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a léiríonn cuid de chúrsa na hAbhann *Usk/Afon Wysg* i bPáirc Náisiúnta *Brecon Beacons*, An Bhreatain Bheag.

Bain úsáid as **Áis 2A** le sracléarscáil a tharraingt ar an eangach thíos a léiríonn an limistéar idir Oirlínte 03 agus 07 agus Tuaidhlínte 27 agus 31.

Tarraing **agus** lipéadaigh na rudaí seo a leanas **amháin**:

- Cúrsa na hAbhann *Usk/Afon Wysg* [2]
- Teorainn na Páirce Náisiúnta [1]
- Spotairde amháin [1]
- Gníomhaíocht nó áis turasóireachta amháin [1]



www.xtrapapers.com

**LEATHANACH BÁN**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(ii)** Déan staidéar ar **Áis 2B**, tábla a chuireann sonraí báistí agus leibhéal na habhann ar fáil don Abhainn *Usk/Afon Wysg*, a ndearnadh taifeadadh orthu ag stáisiún monatóireachta i gcearnóg eangaí 0428 ar feadh tréimhse 24 uair an chloig, agus **Áis 2C** ar leathanach 11, graf páirtchomhlánaithe a léiríonn na sonraí.

Comhlánaigh **Áis 2C** ag úsáid na sonraí a chuirtear ar fáil in **Áis 2B**.

[6]

**Áis 2B**

| Dáta | Am (uaireanta an chloig) | Báisteach (mm) | Leibhéal na hAbhann (m) |
|---|---|---|---|
| 3 Nollaig 2015 | 1200 | 0.0 | 1.1 |
| | 1400 | 0.0 | 1.0 |
| | 1600 | 2.5 | 0.9 |
| | 1800 | 23.7 | 0.9 |
| | 2000 | 26.5 | 2.4 |
| | 2200 | 8.4 | 3.2 |
| 4 Nollaig 2015 | 0000 | 4.5 | 2.5 |
| | 0200 | 1.5 | 1.9 |
| | 0400 | 0.0 | 1.4 |
| | 0600 | 0.0 | 1.2 |
| | 0800 | 0.0 | 1.1 |
| | 1000 | 0.0 | 1.0 |
| | 1200 | 0.0 | 0.9 |

*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

**(iii)** Ríomh an raon do shonraí leibhéal na habhann atá curtha i láthair in **Áis 2B**. _______________ m [1]

www.xtrapapers.com

**Áis 2C**

**Sonraí Báistí agus Leibhéal na hAbhann don Abhainn *Usk/Afon Wysg***



www.xtrapapers.com

**(iv)** Agus fianaise léarscáile Shuirbhéireacht Ordanáis ó **Áis 2A** in úsáid agat, mínigh **dhá** thoisc a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an ráta athraithe i leibhéal na habhann idir 1800 uair an chloig agus 2200 uair an chloig ag an stáisiún monatóireachta sa chearnóg eangaí 0428 ar an 3 Nollaig 2015 (in **Áis 2B**).

[6]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

**LEATHANACH BÁN**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Phleanáil dalta suirbhé le himscrúdú a dhéanamh ar an turasóireacht i bPáirc Náisiúnta *Brecon Beacons*. Déan Staidéar ar **Áis 2D** ar leathanach 15 a thaispeánann cuid den cheistneoir a úsáideadh do bhailiú sonraí.

**(i)** Agus tagairt á déanamh agat do Cheist 7 in **Áis 2D**, mínigh laige **amháin** a bhaineann leis an stíl seo de cheist.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Luaigh laige **amháin** eile a bhaineann le dearadh an cheistneora **seo**.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(iii)** Roghnaigh toisc **amháin** ón liosta thíos agus mínigh an fáth ar gá é a chur san áireamh nuair atá an suirbhé seo á dhéanamh le bailiú sonraí iontaofa a chinntiú.

- **Suíomh an tsuirbhé**
- **Lá na seachtaine**
- **Mí na bliana**

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

www.xtrapapers.com

## Áis 2D

1. An é seo an chéad chuairt agat ar Pháirc Náisiúnta *Brecon Beacons*?

   Is é: ☐
   Ní hé: ☐

2. Cár thaistil tú as le cuairt a thabhairt ar Pháirc Náisiúnta *Brecon Beacons*?

   ______________________________

3. Cé chomh fada a thaistil tú le teacht anseo?

   <5 km ☐ | 25 – 35 km ☐
   5 – 15 km ☐ | 35 – 45 km ☐
   15 – 25 km ☐ | >45 km ☐

4. Cá mhéad airgid a bhfuil súil agat a chaitheamh agus tú anseo sa pháirc?

   <£150.00 ☐ | £450.00 – £599.99 ☐
   £150.00 – £299.99 ☐ | £600.00 – £850.00 ☐
   £300.00 – £449.99 ☐ | >£850.00 ☐

5. Cé acu de na rudaí spéise nó suíomhanna móréilimh seo, má tá ceann ar bith ann, ar thug tú/a dtabharfaidh tú cuairt orthu? Cuir tic leo siúd go léir atá ábhartha.

   Ionad Cuairteoirí ☐ | Músaem Mianadóireachta *Big Pit* ☐ | Muileann *Talgarth* ☐
   Ardeaglais *Brecon* ☐ | *National Showcaves* ☐ | Caisleán *Carreg Cennen* ☐
   Oibreacha Iarainn *Blaenavon* ☐ | *Dinefwr* ☐ | *Garwnant* ☐
   Drioglann Uisce Beatha *Penderyn* ☐ | Páirc Thuaithe *Craig-y-Nos* ☐ | Iarnród Sléibhe ☐

6. Cé acu de na gníomhaíochtaí seo, má tá ceann ar bith ann, ar ghlac tú/a nglacfaidh tú páirt iontu agus tú anseo sa pháirc? Cuir tic leo siúd go léir atá ábhartha.

   Réaltóireacht ☐ | Ag dul chuig bialanna ☐ | Spóirt uisce ☐ | Mótarspóirt ☐
   Siúl/fánaíocht ☐ | Rothaíocht ☐ | Siopadóireacht ☐ | Eile ☐
   Éanbhreathnú ☐ | Iascaireacht ☐ | Fámaireacht ☐

7. Léigh na ráitis thíos le do thoil a bhaineann le caighdeán na n-earraí agus na seirbhísí i bPáirc Náisiúnta *Brecon Beacons*. Cuir tic le gach ráiteas le do thuairim a nochtadh.

| | Aontaím go mór | Aontaím | Neamhchinnte | Easaontaím | Easaontaím go mór |
|---|---|---|---|---|---|
| Luach maith ar airgead a bhí i mo lóistín. | | | | | |
| Tá réimse leathan de rudaí difriúla le déanamh ag teaghlaigh. | | | | | |
| Tá na hearraí agus na táirgí atá ar fáil sa pháirc ar archaighdeán. | | | | | |
| Bhí leibhéal na seirbhísí do chustaiméirí i mbialanna/caiféanna/ tithe tábhairne chomh maith nó níos fearr ná mar a bhí tú ag súil leis. | | | | | |
| Bíonn sé éasca teacht ar eolas cuairteoirí tríd an pháirc go léir. | | | | | |

*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(iv)** Déan staidéar ar **Áis 2E**, a thaispeánann na torthaí a fuarthas ó Cheist 4 sa cheistneoir ó 1000 turasóir, agus **Áis 2F**, píchairt pháirtchomhlánaithe leis na sonraí seo a léiriú.

**Áis 2E**

| Caiteachas Turasóra (£) | Líon na dTurasóirí | Céimeanna do theascóg phíchairte (°) |
|---|---|---|
| < 150.00 | 53 | 19 |
| 150.00 – 299.99 | 97 | 35 |
| 300.00 – 449.99 | 350 | 126 |
| 450.00 – 599.99 | 286 | 103 |
| 600.00 – 850.00 | 115 | |
| > 850.00 | 99 | |

**Áis 2F**

Caiteachas Turasóra (£)




1. Comhlánaigh an tábla (**Áis 2E**) trí na luachanna atá ar iarraidh a ríomh. [2]

2. Agus **Áis 2E** in úsáid agat, tarraing agus lipéadaigh na ceithre theascóg atá fágtha leis an phíchairt, **Áis 2F**, a chomhlánú. [4]

www.xtrapapers.com

Uimhir Ceiste

**Leathán Leanúna**
**(Uimhrigh do fhreagraí go soiléir má úsáideann tú an leathán seo)**

www.xtrapapers.com

Uimhir Ceiste

## Leathán Leanúna
**(Uimhrigh do fhreagraí go soiléir má úsáideann tú an leathán. seo)**

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

